



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 3 Aibreán 2017  
(OR. en)

7775/17

COHOM 44  
CFSP/PESC 300  
DEVGEN 49  
FREMP 37

### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 3 Aibreán 2017

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 7533/17 COHOM 39 COPS 102 CFSP/PESC 271 DEVGEN 46 FREMP 34  
roimhe seo:

---

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Linbh a Chur Chun Cinn agus  
a Chosaint

- Conclúidí ón gComhairle (3 Aibreán 2017)

---

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint, a ghlac an Chomhairle ag an 3530ú cruinniú a bhí aici ar an 3 Aibreán 2017.

**CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CEARTA AN LINBH A CHUR CHUN  
CINN AGUS A CHOSAINT**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 3 Aibreán 2017**

1. Is cúis mhór inní don Chomhairle iad na sárúithe ar chearta an duine agus ar mhí-úsáidí na gceart sin, ar sárúithe agus mí-úsáidí leanúnacha, tromchúiseacha iad agus a mbíonn an oiread sin leanaí ar fud an domhain thíos leo. Aithníonn an tAontas gur sealbhóir ceart é gach leanbh agus féachann sé le cearta an linbh ar fud an domhain a chur chun cinn agus lena áirithiú go n-urramaítear leas an linbh i ngach beartas a ndéantar difear do leanaí leo. I bhfianaise ghlacadh Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe<sup>1</sup> agus an treoirphrionsabal atá ann gan duine ar bith a fhágáil ar lár, i bhfianaise Dhearbhú Nua-Eabhrac maidir le Dídeanaithe agus Imircigh<sup>2</sup>, agus i gcomhréir le gealltanús an Aontais cearta an duine a phríomhshruthú ar fud gach earnála beartais i gcomhthéacs ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a athdhearbhaítear sa Straitéis Dhomhanda<sup>3</sup>, is díol sásaimh don Chomhairle na Treoirlínte athbheithnithe maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint (dá ngairtear ‘na Treoirlínte’ anseo feasta), a bhfuil sé mar aidhm leo cur le hiarrachtaí a áirithiú go ndéanfar difear ceart, le beartais agus le gníomhaíocht an Aontais, do na leanaí sin is mó atá imeallaithe agus leochaileach. Meabhraíonn an Chomhairle freisin na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint (Nollaig 2014)<sup>4</sup> agus Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha (Meitheamh 2008).

---

<sup>1</sup> *An domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe*, Rún a ghlac an Comhthionól Ginearálta, 25 Meán Fómhair 2015 (UNGA A/RES/70/1)

<sup>2</sup> Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Dídeanaithe agus Imircigh, A/71/L.1 \*, 13 Meán Fómhair 2016

<sup>3</sup> Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh

<https://europa.eu/globalstrategy/en/global-strategy-foreign-and-security-policy-european-union>

<sup>4</sup> Tugtar aghaidh, sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint (Nollaig 2014), go príomha, ar bheartas inmheánach an Aontais.

2. Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go ndéantar, leis na Treoirí sin, cur chuige a chur chun cinn lena ndírítear ar chórais a neartú trí na bearta, na struchtúir agus na gníomhaithe is gá a bheith i bhfeidhm a shainaithint chun cearta uile gach linbh a chosaint, go háirithe iad siúd is mó atá leochaileach agus imeallaithe, amhail, ach gan a bheith teoranta dóibh, leanaí atá easáitithe ina dtír féin, leanaí na n-imirceach agus na ndéanaithe, leanaí gan tionlacan, leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí a bhaineann le grúpa mionlaigh, leanaí atá ag maireachtáil beo bocht nó atá i staidéanna coinbhleachta nó leochaileacha, leanaí a bhfuil a saoirse bainte díobh nó atá i gcoinbhleacht leis an dlí, leanaí nach gcuirtear aon oideachas ar fáil dóibh agus leanaí a gcuirtear iallach orthu a bheith ag obair, íospartaigh an phósta leanaí, an luathphósta, an phósta éigeantais agus íospartaigh cleachtas díobhálach eile, amhail ciorrú ball giniúna ban. Leis an gcur chuige sin, tugtar aird freisin ar riachtanais éagsúla cailíní agus buachaillí ó thaobh inscne agus aoise.
3. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach ar bhonn gníomhach sna próisis trína ndéanfar an Comhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe agus an Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce a leagan amach. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle béim ar an ngá atá le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha de chuid leanaí uile dídeanaithe agus imirceach, beag beann ar a stádas, a chosaint agus tús áite a thabhairt i gcónaí do leas an linbh, lena n-áirítear leanaí gan tionlacan agus leanaí atá scartha óna dteaghlaigh, i gcomhréir go hiomlán le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) agus leis na Prótacail Roghnacha a ghabhann leis; agus é mar aidhm timpeallacht chothaitheach a chur ar fáil do leanaí dídeanaithe agus imirceach chun go mbeidh siad in ann lánúsáid a bhaint as a gcuid ceart agus cumas. Déantar cosaint leanaí a phríomhshruthú i ngach cuid de bheartas imirce na hEorpa.

I gcomhréir leis na Treoirí sin, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas go háirithe:

4. Athdhearbhaíonn sí gurb éard atá in UNCRC agus sna trí Phrótacal Roghnacha a ghabhann leis - maidir le díol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí, maidir le rannpháirtíocht leanaí i gcoinbhleachtaí armtha agus maidir le nós imeachta cumarsáide - na caighdeáin príomha idirnáisiúnta atá ann maidir le cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le tíortha comhpháirtíochta, agus de bheith á spreagadh, chun na hionstraimí sin a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios dodhealaitheacht chearta an linbh mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh de chuid na Náisiún Aontaithe (UNCRC) iad agus an tús áite a thabharfar do gach ceann de na ceithre phrionsabal ghinearálta den choinbhinsiún; leas an linbh, an neamh-idirdhealú, an ceart chun éisteachta, an ceart chun beatha, marthanais agus forbartha, lena ndéantar cur chun feidhme na n-airteagal eile ar fad sa choinbhinsiún a threorú.
6. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé comhionannas inscne a chur chun cinn idir buachaillí agus cailíní trí aird ar leith a thabhairt ar dhul i ngleic le hidirdhealú atá bunaithe ar inscne agus ar fhoréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach, agus cumhachtú na gcailíní a áirithiú, ós rud é gurb iad na cailíní is faide a fhágtar chun deiridh go minic. Chun na críche sin meabhraíonn an Chomhairle treoirlínte an Aontais maidir le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac chomh maith le gach cineál idirdhealaithe ina n-aghaidh.
7. Cuireann sí i bhfios an gá chun feabhas a chur ar chumas leanaí chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht agus i bpróisis a bhaineann leo, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialacha UNCRC agus Barúil Ghinearálta 12<sup>5</sup>.
8. Meabhraíonn sí conclúidí an 9 Bealtaine 2014 ón gComhairle maidir le cur chuige bunaithe ar chearta i leith an chomhair don fhorbairt, lena gcuimsítear cearta uile an duine, agus is díol sásaimh di go bhfuil cur chuige bunaithe ar chearta i ndáil le neartú córas á chur chun cinn arna threorú i gcónaí ag UNCRC, mar a leagtar amach sna treoirlínte seo é.
9. Aithníonn sí, i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh comhdhearcaidh nua Eorpach maidir le forbairt<sup>6</sup>, gur cheart don Aontas príomhshruthú chearta an linbh a threisiú i ngach earnáil agus sa chlársceidealú uile agus an clársceidealú atá leanbh-íogair a threisiú. Maidir le cláir chistiúcháin an Aontais i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí go gcuirfear i bhfeidhm ceanglais go mbeidh beartais choimirce leanaí i bhfeidhm ag tairbhíthe a oibríonn go díreach le leanaí mar réamhchoinníoll le haghaidh cistiú ón Aontas.

---

<sup>5</sup> Barúil Ghinearálta 12, ceart an linbh chun éisteachta, CRC/C/GC/12 Iúil 2009

<sup>6</sup> Togra le haghaidh Comhdhearcaidh nua Eorpach maidir le Forbairt “Ár Saol, Ár nDíon, Ár dTodhchaí”, COM(2016) 740 final, 22 Samhain 2016

10. Aithníonn sí an gá atá ann tacú le tíortha comhpháirtíochta, agus iad a spreagadh, chun straitéis náisiúnta a ghlacadh maidir le cearta an linbh, bunaithe ar anailís ar staid na leanaí sa tír ó thaobh chearta an linbh agus ó thaobh íogaireacht maidir le hinscne. Ina dhiaidh sin, ba cheart buiséadú náisiúnta a fhreastalaíonn ar riachtanais leanaí a dhearadh agus a chur chun feidhme ionas go mbeidh leanaí sofheicthe i mbuiséid, go háirithe leanaí atá i gcúinsí leochaileacha<sup>7</sup>.
11. Is díol sásaimh di an tábhacht a thugtar chun tíortha comhpháirtíochta a spreagadh agus chun tacú leo sonraí imdhealaithe a bhailiú agus a úsáid, a dhéanann idirdhealú agus neamhionannas infheicthe; de réir inscne, aoise, ioncaim, míchumais agus fachtóirí eile, agus faisnéis a chur ar fáil i ndáil le grúpaí atá imeallaithe, leochaileach agus nach féidir teacht orthu go furasta, le rialachas cuimsitheach agus le saincheisteanna eile, i gcomhréir le cur chuige an Aontais atá bunaithe ar chearta.
12. Aithníonn sí a thábhachtaí atá sé tíortha comhpháirtíochta a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh reachtaíocht náisiúnta agus treoir riaracháin ghaolmhar a achtú agus a athbhreithniú chun a comhoiriúnacht a áirithiú leis na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha go léir maidir le cearta an linbh, go háirithe UNCRC agus na Prótacail Roghnacha a ghabhann leis agus, freisin, chun institiúidí neamhspleácha maidir le cearta an linbh a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus/nó ombudsman do leanaí agus meicníochtaí rialtasacha chun gníomhaíochtaí a chomhordú i measc ranna rialtais ar gach leibhéal agus idir an rialtas agus an tsochaí shibhialta.

---

<sup>7</sup> Mar atá leagtha síos i mBarúil Ghinearálta 19, CRC/C/GC/19, 2016, mír 3, is iad “leanaí i gcúinsí leochaileacha” na leanaí sin is mó a bhféadfadh sé go sárófaí a gcearta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí atá ina ndéanaithe, leanaí ó ghrúpaí mionlacha, leanaí atá ag maireachtáil faoin mbochtaineacht, leanaí i gcúram malartach agus leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an obair atá ar bun ag na gníomhaithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta ábhartha i réimse chearta an linbh, go háirithe orgáin na Náisiún Aontaithe agus comhlachtaí conartha, go háirithe an Coiste um Chearta an Linbh agus nósanna imeachta speisialta agus meicníochtaí speisialta na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Rapóirtéir Speisialta maidir le Díol agus Teacht i dTír Gnéasach Leanaí, lena n-áirítear striapachas leanaí, pornagrafaíocht leanaí agus ábhar a bhaineann le mí-úsáid ar leanaí, Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus an tIonadaí Speisialta um Fhoréigean i gCoinne Leanaí agus le Meitheal na Comhairle Slándála um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha.
  
14. Is gnóthas comhpháirteach agus freagracht chomhroinnte de chuid institiúidí an Aontais agus na mBallstát é oibríochtú na dtreoirlínte, sna príomhchathracha agus ar an talamh. Tacóidh an Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) leis an gcur chun feidhme agus meithleacha eile de chuid na Comhairle a chur san áireamh, nuair is iomchuí. Tionólfar malartuithe rialta tuairimí maidir le cur chun feidhme, meastóireacht agus athbhreithniú na dtreoirlínte seo. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí na treoirlínte ginearálta sin a chomhlánú le treorú sonracha do thoscaireachtaí an Aontais i dtaca le saincheisteanna amhail cosaint leanaí.

---